

Acmhainn Foghlama

Eochair Fhocail

Foclóir

1. Aisghairm - deireadh a chur le dlí nó le hacht.
2. Aontachtaí - duine a thacaíonn leis an aontas idir Éirinn agus an Bhreatain Mhóir a choimeád.
3. Athbheochan - rud éigin a athbheochan nó a dhéanamh coitianta arís. Bhí tóir arís eile ar an stair, an teanga, agus an cultúr Ceilteach i rith na hAthbheochana Ceiltí.
4. Athchóiriú - rud a dhéanamh níos fearr agus a fheabhsú.
5. Aslonnú - daoine a bhaint ó áit nó ó fhoirgneamh.
6. Bolscaireacht - eolas a chur in iúl chun tionchar a imirt ar an mbealach a smaoiníonn daoine agus an bealach sin a athrú. Bíonn an t-eolas claonta, de ghnáth, agus is é a chuspóir an pobal a mhealladh tacú le duine nó le saincheist.
7. Céad - aonad 100 bliain.
8. Cealaitheoir - duine ar mian leis/léi deireadh a chur leis (fáil réidh leis) an sclábhaíocht.
9. Ceardchumann - tagann oibrithe le chéile i gceardchumann chun a bpoist agus a gcearta a chosaint agus chun feabhas a chur ar dhálaí.
10. Ceart Vótála - téarma eile a úsáidtear leis an vóta a chur in iúl.
11. Cinsireacht - eolas agus ábhar a bhlocáil nó a thoirmeasc. D'fhéadfadh leabhair, scannáin, nuacht, etc. a bheith i gceist le seo.
12. Claonadh - nuair a bhíonn dearcadh ar bhealach éagórach agus míchothrom ag duine i dtaobh rud éigin mar gheall ar a dtuairimí/réamhchlaonadh pearsanta.
13. Cogadh Cathartha - troidtear é seo idir daoine a chónaíonn sa tír chéanna.
14. Croineolaíocht - imeachtaí a eagrú in ord ama, ag tosú leis an imeacht is luaithe.
15. Feachtas - tabhairt faoi roinnt gníomhartha eagraithe chun toradh a bhaint amach.
16. Fuascailt na gCaitliceach – ciallaíonn sé, go ginearálta, comhionannas níos fearr a bhronnadh ar Chaitlicigh. Úsáidtear an téarma seo chun tagairt a dhéanamh don chinneadh a rinneadh in 1829 a thug cead do Chaitlicigh bheith ina mbaill de Pharlaimint na Breataine.
17. Liostáil - glacadh le ballraíocht de na fórsaí faoi airm.
18. Náisiúnaí - duine ar mian leis/léi neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach dá t(h)ír.
19. Neamh-shainchreidmheach - nuair a bhítear sásta glacadh le gach creideamh.
20. Neodrach - ní ghlactar páirt i gcogadh agus níltear ar son ceachtar taoibh.
21. Na Péindlíthe - dlíthe a chuir srian ar shaol Caitliceach agus Easaontóirí na bProtastúnach.
22. Paindéim - galar a bhriseann amach a dhéanann dífeall do go leor daoine ar fud limistéar leathan tíreolaíochta.
23. Poblacht - tír nach bhfuil aon Rí nó aon Bhanríon inti. Caitheann muintir na tíre vóta le cinneadh a dhéanamh faoina rialtas agus a n-ionadaithe polaitíochta.
24. Rialtas Dúchais - chiallaigh sé seo go leanfadh Éire de bheith mar chuid den Ríocht Aontaithe ach go mbeadh parlaimint ag an tír i mBaile Átha Cliath chun maoirseacht a dhéanamh ar cheisteanna in-mheánacha.

Acmhainn Foghlama

Eochair Fhocail

25. Sibhialtach - duine nach ball é/í den arm ná d'fhórsa cosúil leis na póilíní.
26. Sos Cogaidh - nuair a aontaíonn iad siúd atá ag troid stop a chur leis an gcogadh.
27. Staonadh - gan páirt a ghlacadh.
28. Tionóntán - teach amháin a bhí roinnte ina spásanna níos lú. Ba ghnách go raibh sé róphlódaithe agus go raibh drochbhail air.
29. Tuairim - dearcadh nó breith nach mbíonn bunaithe ar fhíricí i gcónaí.